Baineann buntábhacht le lucht éisteachta láidir go mbeidh an rath i gcónaí ar an CN. Is deas liom a thabhairt le fios gur fhreastail 300,000 pátrún ar an CN i rith 2018 agus léiríonn seo ról an CN bheith mar bhunchloch bheatha an cheoil agus an chultúir in Éirinn.

Bhí réimse agus cáilíocht taibhithe ceolchoirme i rith 2018 iontach ar fad. Gnéithe ríthábhachtacha den rath a bhíonn ar an gclár trína chéile é an méid a chuireann Ceolfhoirne RTÉ agus ár mbonn tionscnóirí ceolchoirme, a bhfuil ardmheas orthu, leis.

B'iomáí taibhiú dochreidte i rith na bliana, agus bhí an iomad ceolchoirmeacha den scoth ar siúl, go deimhin, le hiad go léir a lua sa bhrollach seo ach tá níos mó sonraí fúthu i mBrollach an POF lastall.

As an iomaí ceolchoirm agus imeacht speisialta a chuir an CN ar siúl i rith 2018, bhain tábhacht ar leith, dar liom féin, leis an méid seo a leanas:-

- *Lá Idirnáisiúnta na mBan 2018* – Is mian liom an tacaíocht a aithint a thug ár nAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Josepha Madigan, T.D., don imeacht an-speisialta seo. D'fhógair an tAire tionscnamh nua comhpháirtíochta €100,000 i gcaitheamh tréimhse cúig bliana ag an imeacht seo, a dtacaíonn an RCOG leis faoi chlár Éire Ildánach chun saothair le healaíontóirí mná a chur chun cinn agus a choimisiúnú.
- Ghlac dhá rannpháirtí dhéag páirt sa Chlár Stiúrthóirí Mná a mhair 10 mí, a críochnaíodh i Meitheamh 2018. Spreag an clár ceoltóirí an-chumasacha bainearna chun dul i mbun gnímh agus na chéad chéimeanna a chur díobh a fhad leis an stáitse go ndéanfaí stiúrthóirí ceolfhoirne díobh. Rinne an clár seo gníomhartha a thionscnamh chun cabhrú le dul i ngleic le ceann de na síleálacha gloine deireanacha atá i ndomhan an cheoil chlasaiceigh - inscne an stiúrthóra ceolfhoirne. Leanfaidh ár n-obair cheannródaíoch sa limistéar seo le hathrú a chur chun cinn agus deiseanna a chruthú don ghlúin reatha de cheoltóirí gairmiúla mná atá ag teacht chun cinn.
- Cuireadh ceolchoirm an-speisialta ar siúl chun cuimhneachán céad bliain a cheiliúradh ar Lá Shos Cogaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda an 9 Samhain 2018 agus bhí páirt ag an CSN, Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ, Cór Fiolarmónach RTÉ, Córchantairí Eaglais Phádraig agus tríréad d'aonréadaithe réalta Éireannacha ann. B'óiche an-chorraitheach í nach ndéanfar dearmad go brách air agus mé ag éisteacht leis na healaíontóirí seo agus War Requiem le Benjamin Britten á seinm acu i gcuimhne ar chogadh nár cheart dearmad a dhéanamh riamh air. Chuir sé i gcuimhne dúinn an costas uafásach a bhíonn ar choimhlint faoi airm agus b'ómós creathnach é dóibh siúd a rinne iad féin a íobairt chun daoine eile a thabhairt slán ón tíorántacht.

Is mian liom tacaíocht ollmhór a thug mo chomhstiúrthóirí agus an pháirt dhíograiseach a ghlac siad inár ngníomhaíochtaí éagsúla Boird, agus go háirithe sa treo straitéiseach don CN, a aithint. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh, chomh maith, le foireann uile an CN as a n-obair dhian, a dtiomantas agus a ndíograis i mbliain eile rathúil agus ba mhaith liom buíochas ar leith a chur in iúl dár POF, Simon Taylor, as a rannchuidiú luachmhar i ngach rud a dhéanaimid.

Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil lenár nUachtarán patrúin, Mícheál D. Ó hUiginn, agus a bhean chéile, Sabina, ar mhór an onóir é go raibh siad inár dteannta an iomaí tráthnóna i rith na bliana. Agus, ar deireadh, gabhaim buíochas, mar fhocal scoir, leis an Rialtas as an tacaíocht dhaingean agus gan staonadh a thug siad don CN; an RCOG as a dtreoir agus cabhair leanúnach, agus an tAire, Josepha Madigan, T.D., ach go háirithe, as a hinrochtaineacht fhlaithiúil, agus as a díograis gan teorainn i leith an Ceolárais Náisiúnta.



Maura McGrath
Cathaoirleach

Dáta: An 20 Meitheamh 2019



Ceolfhoireann Shiansach Londan agus Sir Simon Rattle



Clár an Stiúrhóra Mná



Imelda May

BROLLACH LEIS AN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN



Is deas liom bliain eile rathúil, bliain iontach eile cheoil agus bliain eile a bhí daingean ó thaobh airgeadais de, a thabhairt le fios don Cheoláras Náisiúnta. I ndiaidh gur cuireadh breis agus 300 ceolchoirm ar siúl ar ár bpríomhstáitse agus breis agus 1,000 imeacht, ar an iomlán, ar siúl, is áit an-ghnóthach an CN ina gcuirtear éagsúlacht ollmhór cheoil ar fáil do 300,000 duine laistigh den ionad agus na mílte duine níos mó timpeall na tíre trínár gclár Foghlama agus Rannpháirtíochta. Tá gliondar croí orm, chomh maith, a thabhairt le fios gur bhaineamar ár mbuiséad spriocdhírthe cóimheá amach i dtimpeallacht an-iomaíoch.

Clár an CN

Tá an ceol i gceartlár gach rud a dhéanaimid ag an CN. Mar Institiúid Náisiúnta Chultúrtha agus mar an t-ionad náisiúnta ina seinntear ceol, príomhstraitéis dúinn is ea ár gclár agus ár lucht éisteachta a fhorbairt agus a éagsúlú go leanúnach agus cur le láidreachtaí ár gcláir reatha agus ár lucht éisteachta agus lucht tacaíochta reatha á gcothú i gcomhthráth. Léirigh ár gclár in 2018 go soiléir ár dtiomantas don mhisean seo.

Is é an tSraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta ár bpríomhimeacht go fóill don cheol clasaiceach, agus cuirtear na ceolfhoirne, ensemble, grúpaí córúla agus ealaíontóirí aonair is fearr ar domhan i láthair lucht éisteachta Éireannach. I measc na mbuaicphointí in 2018, bhí an méid seo a leanas: Four Seasons le Vivaldi leis an veidhleadóir cáiliúil Joshua Bell agus Academy of St. Martin in the Fields; clár ceoil chomhaimseartha a chuirfeadh faoi gheasa thú le Cór Aireagail Fiolarmónach na hEastóine; an meánsoprán clúiteach, Magdalen Kozena, i gclár barócach Francach Le Concert d'Astrée; deireadh seachtaine inar cuireadh trí ceolchoirm ar siúl le Ceolfhoireann Fhiolarmónach na Seice, clár dochreidte uile-Dvorak ina measc; Sir Simon Rattle agus Ceolfhoireann Shiansach Londan a sheinn Siansa fíor-álainn Uimhir 9 le Mahler; gála ceoldráma thar barr ó thaobh na hamhránaíochta de leis an teanór ó Mheicsiceo, Javier Camarena; Maxim Vengerov mar aonréadaí agus stiúrthóir araon le Ceolfhoireann Fhiolarmónach Wurth; Ceiliúradh Céad Bliain ar Bernstein lena dhalta coimirce, Marin Alsop agus Ceolfhoireann Shiansach Baltimore á stiúradh aige chun séasúr 2018/19 a oscailt; an laoch veidhlín, Gidon Kremer, agus a Kremerata Baltica agus cuairt fillte a thug Ceathairéad cáiliúil Emerson.

Tá ár gceol aireagail ag dul ó neart go neart i Seomra Ceadail Kevin Barry, agus tugann sé deiseanna breise don iomaí ceoltóir ildánach Éireannach atá againn. I measc na mbuaicphointí, dar liom féin, bhí sárcheadal ag an teanór Éireannach Robin Tritschler leis an ngiotáraí Síneach Xue-Fei Yang; sraith a léirigh an veidhleadóir Gwendolyn Masin agus an pianódóir Finghin Collins; an pianódóir Michael McHale agus The Vanbrugh; sraith Comórtha Céad Bliain ar Debussy leis an bpianódóir Thérèse Fahy; sraith Couperin 350 leis an gcruitchláraí Malcolm Proud agus sraith tráthnóna an cheathairéid théadaigh i gcomhar leis an bhForas Ceathairéad Téadach Náisiúnta, ar chomhoibríomar leo maidir leis an tríú Tionól Ceol Aireagail bliantúil ag tús na bliana. Léirigh ár sraith Peirspictíochtaí a dhíríonn ar ealaíontóirí idirnáisiúnta comhaimseartha i measc na seánraí ceoil a héagsúlacht, agus i measc na léirithe a bhí ar siúl, bhí léiriú ag an gcumadóir íostach Niels Frahm agus Ómós an-spéisiúla Jordi Savall leis an tSiria; an sacsafónaí fíor-thaithíoch snagcheoil Pharoah Sanders agus John Cale, comhbhunaitheoir Velvet Underground; an cumadóir amhrán Éireannach Lisa Hannigan agus an ensemble clasaiceach atá bunaithe i mBeirlín, Stargaze agus ceiliúradh ar bhreithlá 75 bliain ar an gcumadóir iaríostach Gavin Bryars.

Bhain Gradam Saoil an CN a bhronn an tUachtarán Ó hUiginn ar Shane McGowan ag ceolchoirm speisialta dá chuid amhrán le ceiliúradh a dhéanamh ar a bhreithlá 60 bliain an cumhdach ba mhó amach sna meáin idirnáisiúnta, ar nós an BBC, i nuachtán The Guardian agus ar fhoinsí ar líne a fhad i gcéin leis an Nua-Shéalainn, an Astráil agus SAM. I measc iad siúd a ghlac páirt san imeacht aonuaire seo, bhí Bono, Sinéad O'Connor, Nick Cave, Glen Hansard agus Johnny Depp. Imeacht ardphróifíle eile a bhí in 'NCH Imagining Ireland: 21st Century Song' ag an Barbican i Londain mar chuid de Chlár GB18 Chultúr Éireann.

Chríochnaigh Martin Hayes cónaitheacht i rith shéasúr 2017/18, ceolchoirm ina measc sin leis an gceathairéad téadach atá bunaithe i Nua-Eabhrac, Brooklyn Rider, agus sraith eile ar díoladh na ticéid go léir dó, le The Gloaming. Tháinig MicroDisney le chéile arís i ndiaidh 30 bliain chun a albam ceannródaíoch 'The Clock comes down the stairs' a sheinm ar bhonn aonuaire don tionscnamh bliantúil 'For the record' le IMRO chun ceiliúradh a dhéanamh ar cheirníní iontacha Éireannacha. Rinneadh ceiliúradh in Tradition Now, ár bhféile bhliantúil cheoil thraidisiúnta a chuirtear i láthair i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, ar mhná ceannródaíocha sa cheol traidisiúnta agus sa cheol tíre agus ghlac meascán uathúil ealaíontóirí páirt ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol agus ceol Liam O'Flynn. Ba é buaicphointe an imeachta nuair a fógraíodh gradam bliantúil Liam O'Flynn ina chuimhne. I measc na gceolchoirmeacha eile a chuir an CN chun cinn, bhí Banna Céilí Chill Fhionnúrach; Rufus Wainright; an buaiteoir ghradam Grammy, Rosanne Cash agus an t-amhránaí-cumadóir mór le rá, Graham Nash chomh maith le tráthnóna leis an ealaíontóir ar leith, Grayson Perry.

Seoladh tionscnamh tábhachtach ilbhliantúil i Márta, nuair a d'fhógair an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Éire Ildánach ceangaltas €20,000 sa bliain chun comhchistiú a dhéanamh ar an CN agus an tionscnamh cúig bliana Sounding the Feminists chun saothar cruthaitheach a chur chun cinn i measc ceoltóirí agus cumadóirí mná.

Mar thoradh air seo, tugadh snáithe cumadóirí mná isteach sa tsraith ceol Aireagail ón bhfómhar agus fógraíodh scéim coimisiúnaithe nua cumadóra, chomh maith.

Mar gheall ar an bhfíor-dhrochaimsir ón oirthear a raibh an tír thíos leis i Márta, cealaíodh gach imeacht dár bhféile bhliantúil cheoil chomhaimseartha, New Music Dublin, a chuirtear ar siúl i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon agus RTÉ. Aisteach go leor, rinneadh go leor de na himeachtaí a athsceidealú i Meán Fómhair agus i measc na mbuaicphointí, bhí an cumadóir mór le rá Albanach, James MacMillan, a rinne a Stabat Mater féin a stiúradh le Cór Aireagail Éireann agus Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann; Clár 'Continental Drift' Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ; ceolchoirm go déanach san oíche le Garth Knox agus Caoimhín Ó Raghallaigh; conair nua cheoil a eagraíodh go samhlaíoch le Ergodos agus ceolfhoireann spreagúil 'Totally Made-Up Orchestra' le Brian Irvine.

Foghlaim agus Rannpháirtíocht

I gcroílár ár gcláir Foghlama agus Rannpháirtíochta, tá ár misean chun idirchaidreamh a spreagadh leis an gceol mar bhealach chun forbairt phearsanta a dhéanamh, bheith bainteach sa chruthaitheacht agus chun cuimsiú sóisialta a chothú. Le blianta beaga anuas, tá infheistíocht mhór déanta againn chun clár fíor-fhairsing a fhorbairt i gcúig limistéar straitéiseacha: Daoine óga agus teaghlaigh; mic léinn ceoil agus ceoltóirí; scoileanna agus múinteoirí; ár bPobal agus Sláinte agus Folláine. Cuimsíodh sa chlár i rith na bliana 182 imeacht a raibh ticéid ar díol dóibh, inar tugadh 20,000 cuairt ar an CN, agus ina raibh gníomhaíocht for-rochtana ar bun in 20 contae i measc na gceithre phríomhchlár, ina raibh thart ar 5,000 duine páirteach.

Do dhaoine óga agus teaghlaigh, chuir Ceolfhoireann Fhiolarmónach na Seice Ceolchoirm don Teaghlach ar siúl; cuireadh lá ceol teaghlaigh ar siúl ag Féile Iarthar Chill Mhantáin; cuireadh ceolchoirmeacha na Nollag don teaghlach agus picnicí ceoil don teaghlach agus campaí samhraidh 'Scoil Amhránaíochta' ar siúl do dhaoine óga. I dtaobh scoileanna agus múinteoirí, airíodh leis na buaicphointí Tionscadal Ensemble na mBunscoileanna i gcomhar le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann,

clár for-rochtana scoileanna mar chuid de Traidisiún Anois ('Tradition Now'), oiliúint ar mhúinteoirí a mhair coicís do mhúinteoirí réamhscóile agus bunscoile agus 'Quavers to Quadratics': ár gclár nuálach STEAM le UCD agus Coláiste na Tríonóide a fhiosraíonn domhan na fisice tríd an gceol agus an fhuaim.

Áiríodh lenár gclár do mhic léinn ceoil máistir-ranganna agus ceardlanna le healaíontóirí ar nós an veidhleadóra Kirill Trousov agus Cheathairéad Emerson agus ár dtionscadail bhliantúil 'Sinfonua' atá in ainm is taithí ar leibhéal gairmiúil a thabhairt do cheoltóirí uailmhianacha ceolfhoirne, faoi mheantóireacht an stiúrthóra David Brophy. Cuireadh ceolchoirmeacha i láthair ag an CN agus ag Scoil an Cheoil i gCorcaigh. San imeacht deiridh dár 'Clár Stiúrthóir Mná' ceannródaíoch a bhí á stiúradh ag Alice Farnham, d'oibrigh na rannpháirtithe leis an Stiúrthóir ón RA, Sian Edward agus CSN RTÉ, agus Siansa Uimhir 1 le Beethoven á ullmhú acu i bhformáid mháistir-rang phoiblí, agus lean urraitheoirí an chlár, Grant Thornton, leis an snáithe forbartha gairmiúla le ceardlann a cuireadh ar siúl ar cheannaireacht.

Díríonn ár gclár Sláinte agus Folláine ar cheithre príomhlimistéar: 'An Ceol san Intinn' ('Music in Mind') (ceol don mheabhairshláinte), atá á chur ar fáil anois i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, an Mhí, Liatroim, Maigh Eo, Cill Mhantáin, Uíbh Fhailí, Luimneach (2 ionad), an Iarmhí, Loch Garman, Gaillimh, agus Maigh Eo. 'An tSláinte agus an tSíocháin' ('Health & Harmony') (ceol don néaltrú) atá á chur ar fáil anois i mBaile Átha Cliath (4 ionad), Tiobraid Árann, Luimneach, Cill Dara, Lú, Cill Chainnigh, Corcaigh agus Dún na nGall; 'Ceol in Ospidéal Leanaí': Clasaicí na Leanaí (Kids' Classics) i mBaile Átha Cliath (5 ionad), Lú, Luimneach agus Corcaigh agus an tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, ina seinntear ceol sna bardaí agus sna seomraí lae do dhaoine a bhfuil Gortú Inchinne Faighte orthu.

Ceolfhoirne RTÉ

Bhí an onóir, faoi mar is gnách, ar ár gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta cónaithe RTÉ, chun tús a chur leis an mbliain lena gceolchoirm thraidisiúnta Víneach ar Lá Caille agus rinne sé ceiliúradh ar a bhreithlá 70 bliain i bhFeabhra, leis an iar-Phríomh-Stiúrthóir Gerhard Markson, an soprán Orla Borland agus an pianódóir Finghin Collins. Ar na buaicphointí eile de shéasúr CSN RTÉ, bhí a Pháis Bach ar Pháis Aoine an Chéasta; Coinséartó Orgáin Gerald Barry á sheinm ag Thomas Trotter faoi Thomas Adès agus Gála Ceoldráma galánta leis an teanór réalta Polannach Piotr Beczala. Lean Natalie Stutzmann lena tionacht thairbheach mar Phríomh-Aoi-Stiúrthóir agus i measc na n-aoi-ealaíontóirí suntasacha, bhí an pianódóir Alexander Toradze; Nathalia Millstein, buaiteoir Chomórtas Pianó Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath in 2016 agus Hugh Tinney a raibh a bhreithlá 60 bliain á cheiliúradh aige; na veidhleadóirí Alina Pogostkina, Carolin Widman agus Ray Chen; Brett Déan, víola; Richard Harwood, dordveidhil agus an soprán Éireannach, Anna Devin, agus Mozart á chanadh aici. Rinneadh ceiliúradh ar cheol Mhichíl Uí Shuilleabháin agus b'ábhar mór bróin gurb é seo an uair dheireanach a rabhamar in ann taitneamh a bhaint as an gceoltóir iontach agus tionchair seo ar ár stáitse. I ndiaidh gur imigh sé ar shlí na fírinne ní ba dhéanaí sa bhliain, anuas ar Liam O'Flynn, bhí beirt de na léiritheoirí ceoil thraidisiúnta ab fhearr caillte againn in 2018.

Faoi mar a luaitear cheana féin i dTuarascáil an Chathaoirligh, i ndiaidh gur foilsíodh tuarascáil Boaden agus Mediatique, chomhaontaigh an Rialtas i bprionsabal gur cheart go dtiocfadh an CSN faoi shainchúram an CN. Ceolfhoireann chónaithe atá san CSN ag an CN ó osclaíodh é sa bhliain 1981 agus bhí sé i gcónaí mar phríomhchuid de bheatha laethúil an Halla. Nuair a chuirtear an cuspóir foriomlán san áireamh le toadhcháí fhadtéarmach an cheoil shiansaigh a chinntiú in Éirinn agus an uailmhian chun clár samhlaíoch agus spreagúil a chruthú don aonán nua-chomhcheangailte, tá súil leis go ndeimhneofar i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo chugainn go raibh toradh dearfach ar an bpróiseas atá ar bun faoi láthair agus go leagtar amach toadhcháí gheal sa phlean don Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta.

Ghlac Cór Fiolarmónach RTÉ páirt i dtrí cinn de na ceolchoirmeacha ab fhearr a chuir an ceolfhoireann ar siúl sa bhliain, agus críochnaíodh séasúr amháin den CSN i Meitheamh le Siansa Córúil Beethoven agus osclaíodh an chéad cheann eile i Meán Fómhair le léiriú iontach ar Shiansa tarchéimniúil Mahler, 'Resurrection', faoin stiúrthóir Meiriceánach Robert Trevino. Tháinig CSN RTÉ agus Ceolfhoireann



Tionól Ceol Aireagail



Kids Classics



Javier Camarena & Rebeca Olvera



Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ

Cheolchoirme RTÉ le chéile i Samhain chun léiriú speisialta a dhéanamh ar War Requiem le Britten chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda ina raibh glór an-bhinn ag na haonréadaithe Éireannacha Ailish Tynan, Robin Tritschler agus Gavan Ring faoin stiúrthóir David Brophy.

Ina cheart féin, chuir Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ a gnáthchlár ilchineálach agus siamsúil i láthair ár lucht éisteachta i rith na bliana: Cuireadh ceolchoirm speisialta le Gilbert agus Sullivan, Rodgers agus Hammerstein, Bernstein on Broadway agus Andrew Lloyd Webber le deireadh a chur leis an mbliain ar Oíche Chinn Bliana; Declan O'Rourke ar Lá San Vailintín; Meascra an Domhnaigh um Nollaig; sraith 'Ceol Traidisiúnta an tSamhraidh' le ceoltóirí nós Seán Keane agus Frankie Gavin, a shraith rialta 'Clasaicí Bunriachtanacha' ('Essential Classics') agus ceol ó na scannáin.

Cláir eile

B'ócáid thábhachtach a thit amach go luath sa bhliain a bhí i gceolchoirm sheolta 'The Big Bang' i dtaobh Cheoldráma Náisiúnta na hÉireann a thug sárthallann cheoldrámata na hÉireann agus CSN RTÉ le chéile, a thug bunú chuideachta nua Fergus Shiel chun suntais. Chuir Lyric Opera 'Pirates of Penzance' i láthair dúinn i nDeireadh Fómhair ar feadh trí oíche agus chuir Cumann Ceoil Ráth Maonais agus Ráth Garbh 'Carousel' i láthair, ar éirigh go geal leis, agus bhí an rath geal ar shéasúr Festival Productions i ndiaidh na Nollag nuair a chuir siad 'The Wizard of Oz' i láthair.

Chuir Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann, Ceolfhoirne Óige Bhaile Átha Cliath, Ceolfhoireann Hibernia, Ceolfhoireann Shiansach UCD agus Ceolfhoireann Shiansach Bhaile Átha Cliath; Gála Bliantúil na bhFórsaí Cosanta agus Banna Ceolchoirme Ráth Fearnáin ceolchoirmeacha ar siúl mar chuid dár n-idirchaidreamh leanúnach le go leor eagraíochtaí eile. Bíonn lúcháir ar leith orainn i gcónaí fáilte a chur roimh an iomaí cór agus cumann córúil a chanann anseo, go háirithe um Nollaig, Cumann Córúil Thamhlachta, Cumann Córúil Mhuire, Cór Culwick, Cór Aireagail DIT, Scoláirí Lassus, Cumann Ceoil Ghlas Naíon, Cór Contae Bhaile Átha Cliath, Cór Palestrina, Glórtha Nua Bhaile Átha Cliath ('New Dublin Voices') agus Cór Goethe-Institut ina measc.

Cuirimid fáilte ar leith roimh chomhoibriú na hearnála oideachas ceoil, ach go háirithe, agus is rí-mhór againn réimse comhpháirtíochtaí le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus Ardscoil Cheoil DIT, ach go háirithe.

Chuir ár dtionscnóirí seachtracha tráchtála réimse fairsing d'ealaíontóirí i láthair ár lucht éisteachta i rith na bliana, agus chuir siad go mór leis an meascán ceoil, ar an iomlán, ag an CN. I measc na n-ealaíontóirí seo, bhí iad seo a leanas: Autechre, John Prine, agus Curtis Stigers (Aiken Promotions); ceiliúradh ar chomóradh 40 bliain ar The Fureys agus Phil Coulter (Pat Egan); Charlie Landsborough; Frances Black agus Kieran Goss (David Hull Promotions); Anton agus Erin (Raymond Gubbay), Sharon Shannon (MPI); World Music Masters (Waltons); Reeling in the Showband Years agus Albert Hammond (Tommy Swarbrigg); Ólafur Arnalds (Hidden Agenda agus Amharclann Pavilluion); Madeleine Peyroux (MCD); Jack Lukeman (Martin Clancy); Vladimir's Viennese Christmas (Vladimir Productions).

Baineann go leor daoine scoth an aoibhnis as na ceolchoirmeacha a chuirimid ar siúl go rialta i Seomra John Field ag am lóin ar an Aoine agus seinntear ceol i ngach seánra ceoil iontu idir ceol clasaiceach móréilimh agus leabhar mór amhrán Mheiriceá agus amharclann cheoil. Leanann na ceolchoirmeacha ag am lóin a chuireann dhá cheolfhoireann RTÉ ar siúl i rith an tsamhraidh le blas iontach a thabhairt do dhaoine ar cheol ceolfhoirne agus cuireann siad deiseanna tábhachtacha eile ar fáil d'aonréadaithe Éireannacha atá ag teacht aníos.

An CN a riar

Chuir na rialacháin nuashonraithe maidir leis an RGCS a tháinig i bhfeidhm i mBealtaine dúshlán mór roimh an CN, mar eagraíocht. Ceanglaítear iontu beartais nua agus nuashonraithe a chur le cheile chun an reachtaíocht a chomhlíonadh, chomh maith le hoiliúint a chur ar an bhfoireann lena chinntiú go sásaímid ár bhfreagrachtaí maidir le sonraí custaiméirí.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, rinneadh Ráiteas agus Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí a chríochnú agus a fholsiú.

Rinneadh beartas grinnfhiosrúcháin a dhréachtú, chomh maith, fad a cuireadh ainm le Beartas um Chomhionannas Inscne agus fad a tugadh isteach é.

Bhí láithreán gréasáin nua an CN ag feidhmiú go beo go déanach i Samhradh 2018, agus chuir sé feidhmiúlacht níos fearr agus deis níos mó ar fáil chun sárthaispeántas a dhéanamh d'ábhar agus ceolchoirmeacha. Lean díolacháin ar líne ag dul i méid, agus bhí an t-idirchaidreamh a rinneadh leis an láithreán gréasáin nua nch.ie tréan i gcónaí. Rinneadh ár gcóras bainistíochta ticéad, Audience View, a uasghrádú i rith na bliana, agus d'éascaigh sin feidhmiúlacht ní b'fhearr i dtaobh cúrsaí bainistíochta custaiméirí, tuairiscithe agus cothabhála córais. Rinneadh córas bainistíochta ár n-ionaid a uasghrádú, chomh maith. Go ginearálta, leanadh lenár straitéis dhigiteach a thabhairt isteach, chomh maith le níos mó ábhar (físeán, coimisiúnú, podchraoltaí etc.) agus treoirlínte nua meán sóisialta ina measc a thabhairt isteach.


Athfhorbairt an CN

Ba í an nuacht ba mhó i rith na bliana gur fhógair an Rialtas cistiú €78 milliún chun an t-ionad a athfhorbairt faoi Thionscadal Éireann 2040, faoi mar ar thagair an Cathaoirleach dó cheana féin.

Tá measúnú, dearadh agus pleanáil mhionsonraithe tionscadail ar bun anois le OOP, ag féachaint le hoibreacha móra a thosú ar an láthair in 2021/2. I dturas an ama, críochnaíodh saoráid nua ardaitheora sa Sciathán Theas agus rinneadh bialann an Ardáin a athchóiriú mar chuid d'oibreacha níos lú.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir ag an CN, go háirithe an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, as a n-obair dhian, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas i rith na bliana. Táimid go mór faoi chomaoin acu go léir i ngeall ar an gcláreagrú, an t-eagrú, an óstáil agus an bainistiú a dhéanann siad ar an méid imeachtaí a chuirimid ar siúl, agus roinnt imeachtaí ar siúl in aon lá amháin, go minic, anuas ar fhreastal ar bhreis agus lucht éisteachta amháin. Ba mhaith liom aitheantas, le bród, a thabhairt, chomh maith leis sin, do thiomantas an bhoird stiúrthóirí agus an Chathaoirligh, Maura McGrath, a chaith an oiread sin dá gcuid ama agus a chuir a dtallann ar fáil go han-fhlaitiúil agus go saorálach ar mhaithe leis an gCeoláras Náisiúnta.

Ar deireadh, ba mhaith liom an buíochas a chuir an Cathaoirleach in iúl a ghabháil athuair leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta as an tacaíocht gan staonadh a chuir siad ar fáil, anuas ar thacaíocht an Aire Josepha Madigan, agus dár gCairde, Pátrúin, deontóirí agus urraitheoirí aonair agus corparáideacha go léir, as an tacaíocht agus an spreagadh a thugann siad agus as an díograis a léiríonn siad don obair a dhéanaimid.



Simon Taylor

Príomhfheidhmeannach

Dáta: An 20 Meitheamh 2019

AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Is deas leis an mBord a Thuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 a sheoladh ar aghaidh.

Príomhfheidhmeanna agus Athbhreithniú Oibriúcháin

Is iad príomhfheidhmeanna na heagraíochta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015:-

- (a) an t-ionad náisiúnta a chur ar fáil agus a oibriú, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtas, maidir le seinm, léirthuisctint agus taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí ceoil, cruthaitheacha, ealaíonta agus cultúrtha lena n-áirítear cur chun cinn ceolchoirmeacha agus aithrisí ar luach ealaíonta, oideachais agus cultúrtha,
- (b) seinm, eolas, léirthuisctint, cruthú agus taitneamh a bhaint as an gceol mar chuid lárnach de bheatha na hÉireann a chur chun cinn agus tacú leis,
- (c) siamsaíocht, oideachas agus spreagadh a thabhairt don phobal trí eispéiris cheoil, agus
- (d) uileghabhálacht, rannpháirtíocht, cruthaitheacht, triail agus rannpháirtíocht sa cheol a spreagadh agus a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le daoine aonair agus pobail éagsúla mar thaibheoirí, rannpháirtithe, cumadóirí nó baill den lucht éisteachta.

Torthaí don Bhliain

Leagtar amach na cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 ar leathanaigh 24-38. Léirítear sna torthaí don tréimhse seo ar ghnáthghníomhaíochtaí agus i ndiaidh iad a aistriú chuig an gcúlchiste athfhorbartha caipitil, easnamh €1,237 (2017 – barrachas €78,503).

Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí

Baineann an príomhriosca agus an éiginnteacht a dhéanann difear don eagraíocht don bhliain amach romhainn le haon chásanna nach féidir leis an CN tionchar a imirt orthu ná smacht a fháil orthu a bhféadfadh laghdú ar chistiú ó dheontais Rialtais bheith mar thoradh air agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh bheith aige seo ar oibríochtaí leanúnacha na heagraíochta. Bíonn rioscaí agus éiginnteachtaí roimh an eagraíocht, chomh maith, a n-áireofaí leo, ach nach bhfuil teoranta dóibh, dálaí geilleagracha idirnáisiúnta agus áitiúla, an tionchar a imreoidh siad ar an airgead a chaitheann custaiméirí i limistéar phríomhghníomhaíocht na heagraíochta agus an tionchar a imríonn sé ar an airgead a chaitheann tomhaltóirí go lánroghnach, go ginearálta. Déanann an Bord na rioscaí seo a bhainistiú trí iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil dóthain tacaíocht airgeadais reatha ag an eagraíocht agus trína lorg go gníomhach chun láimhdeachas a mhéadú níos mó.

Cúlchistí

B'ionann an barrachas carntha i Ráiteas an Chuntais loncaim agus Chaiteachais agus €1,515,330 an 31 Nollaig 2018 (an 31 Nol 2017 - €1,516,567). Anuas air sin, b'ionann cúlchistí eile an 31 Nollaig 2018 agus €298,109 (an 31 Nol 2017: €298,109).

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta faoinar thug an Bord le comhlíonadh a chinntiú maidir le taifid chuí chuntasaíochta go gcuirtear beartais agus nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i dtaifead, pearsanra inniúil cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na heagraíochta ag an gCeoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

Figiúirí Comparáideacha

Cuimsítear sna figiúirí comparáideacha an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017.

Rialachas

Bunaíodh Bord an Cheolárais Náisiúnta ('an CN') faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 ('an tAcht'). Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird i gCuid 3 den Acht seo.

Tá an Bord cuntasach leis an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá se freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ('an POF') agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí ('an FBS') freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil an CN. Caithfidh an POF agus an FBS an treorú straitéiseach fairsing a thugann an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Bhoird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfadh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an CN.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar obair agus freagrachtaí an Bhoird amach san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 ('an tAcht'), ina gcuimsítear, chomh maith, na ceisteanna nach féidir ach leis an mBord cinneadh a dhéanamh orthu. I measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Bord, tá an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna,
- tuascálacha ó choistí,
- tuascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuascálacha feidhmíochta, agus
- ceisteanna forchoimeáda.

Ceanglaítear in Alt 26 den Acht ar Bhord an CN chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an CN an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Bord de bheith ag oibriú, agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, seasamh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an CN.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht an CN in 2018 trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil an 7 Feabhra 2019.

Tá an Bord freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíochtaí agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an CN léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CN an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí i mBord an CN agus ceapann an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta gach duine díobh. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana agus casann siad ar a chéile gach dhá mhí. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí reatha:

Oifigigh Bhoird an CN agus Téarmaí 2016-2021

Ainm	Téarma	Dáta Ceaptha
Maura McGrath (Cathaoirleach)	5 bl.	An 24 Meitheamh 2016
James Cavanagh	4 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Rebecca Gageby	4 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Gerard Gillen	4 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Eleanor McEvoy	3 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Máire O'Connor	5 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Michael O'Donovan	3 bl.	An 24 Meitheamh 2016
John Reynolds	3 bl.	An 24 Meitheamh 2016
Don Thornhill	5 bl.	An 24 Meitheamh 2016

Chríochnaigh an Bord Athbhreithniú ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird i mBealtaine 2018.

Bhunaigh an Bord ceithre choiste, na coistí seo a leanas ina measc:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: tá ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach sa choiste seo. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (an CIR) tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhair. Tá an CIR neamhspleách ón mbainistíocht airgeadais a dhéantar ar an eagraíocht. Cinntíonn an Coiste, ach go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúcháireachta ina measc. Tuairiscíonn an CIR leis an mBord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Is iad na comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Máire O'Connor (Cathaoirleach), Michael O'Donovan, John Reynolds, Don Thornhill agus Des Quigley (comhalta seachtrach). Thionóil an CIR 4 chruinniú in 2018.
2. An Coiste Acmhainní Daonna Straitéiseacha, Forbartha Eagraíochta, Feidhmíochta agus Acmhainneachta ("an CADS"): tá beirt chomhaltaí Boird agus an POF agus comhalta seachtrach amháin sa choiste seo. Is é ról an CADS chun tacú leis an mbord maidir lena fhreagrachtaí chun treoir agus tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt eagraíochta an CN. Is iad comhaltaí an choiste seo: Michael O'Donovan (Cathaoirleach), Rebecca Gageby, Simon Taylor (POF) agus Conor Hannaway (comhalta seachtrach). Cuireadh i gcuntas i miontuairiscí chruinniú an Bhoird an 28 Márta 2018 gur éirigh Gerard Gillen as an gcoiste mar gheall gur ghlac sé le cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste Clár, Foghlama agus Rannpháirtíochta. Thionóil an CADS 5 chruinniú in 2018.
3. An Choiste um Fhorbairt Láithreán an CN agus Pleanáil Chaipitiúil ("an CFLC"): tá ceathrar comhaltaí Boird sa choiste seo. Is é ról an CFLC chun treoir agus tacaíocht a sholáthar d'athfhorbairt an CN. Is iad comhaltaí an choiste seo: Rebecca Gageby (Cathaoirleach), James Cavanagh, Eleanor McEvoy agus John Reynolds. Thionóil an CFLC 4 chruinniú in 2018.

4. An Coiste Clár, Foghlama agus Rannpháirtíochta ('an CCFR'): tá ceathrar comhaltaí Boird sa choiste seo. Is é ról an CCFR chun léargas ginearálta straitéiseach a thabhairt ar chláreagrú ceolchoirme agus foghlama agus rannpháirtíochta chun tacú le misean an CN. Is iad comhaltaí an choiste seo: Gerard Gillen (Cathaoirleach), James Cavanagh, Eleanor McEvoy agus John Reynolds. Thionóil an CCFR 6 chruinniú in 2018.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas na gComhaltaí

	An Bord	An CIR	An CADS	An CFLC	An CCFR	Costais
Líon na gCruinnithe	7	4	5	4	6	
Maura McGrath (Cathaoirleach)	7					€2,104
James Cavanagh	6			3	6	€239
Rebecca Gageby	7		4	4		€0
Gerard Gillen	6				6	€0
Eleanor McEvoy	6			3	4	€0
Máire O'Connor	6	4				€0
Michael O'Donovan	7	4	5			€0
John Reynolds	7	4		4	3	€0
Don Thornhill	6	3				€0

Ní foctar táille le haon chomhalta den bhord stiúrthóirí.

Nochtadh a cheanglaítear sa chód cleachtais chun comhlachtaí stáit a rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an CN riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód nochtadh áirithe agus cuimsítear iad seo i gcorp na tuarascála seo.

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2018	2017
	€	€
Fáilteachas Foirne	3,038	4,360
Fáilteachas Cliant	2,227	635
Iomlán	5,265	4,995

Costais Sainchomhairleoireachta

Moltar sa Chód Treorach don Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais (Samhain 2016) go sainaithear costais sainchomhairleoireachta, a n-áirítear leo an costas a bhíonn ar shainchomhairleoireacht sheachtrach a sholáthraítear don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhóinsíodh leo.

	2018	2017
	€	€
Comhairle Díl	12,439	16,276
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	4,495	5,000
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	77,184	27,605
Acmhainní Daonna	7,325	2,000
Feabhsú Gnó	1,950	28,500
Sainchomhairleoireacht an RGCS	15,000	-
Eile	5,800	7,044
Iomlán	124,193	86,425

Ní dhearnadh aon chostais sainchomhairleoireachta a chaipitliú.

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an CN an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2018.

Sínte Thar Ceann an Bhoird



Maura McGrath

Cathaoirleach an Bhoird



Máire O'Connor

Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Dar Dáta: An 20 Meitheamh 2019



Ceolfhoireann Fhiolarmónach na Seice agus Alisa Weilerstein



Nils Frahm

AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Thar ceann an Cheolárais Náisiúnta ('an CN'), agus maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 ('an Cód') agus is mian linn a dheimhniú gur ghlac an CN leis an gCód sin agus gur chomhlíon sé an Cód sin.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an CN don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus a fhad le dáta faoifa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ('CIR') ag an CN ina bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Chas an CIR ar a chéile ceithre huair in 2018.

Bhunaigh an CN feidhm iniúcháireachta inmheánaí, chomh maith, a sheachfhoinsítear go leordhóthanach agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca don Bhord ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an CN, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laig rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

Creá Riosca agus Rialaithe

Chuir an CN córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shaináithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina saináithnítear na príomhrioscaí atá roimh an CN agus rinneadh iad seo a shaináithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Tá cathaoirleach an fhóraithe bhainistíochta riosca freagrach as an CIR a nuashonrú maidir le haon aon teagmhais agus/nó athruithe ábhartha a thagann ar an gclár rioscaí ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithniú ar a laghad dhá uair sa bhliain ar na rioscaí go léir ar an gclár. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sonraítear sa lámhleabhar beartais agus nósanna imeachta airgeadais na príomhphróisis,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb íomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhnímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainiúnaíodh príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhríaluithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CN le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an CN na nósanna imeachta siúd i rith 2018. Sainaithníodh cás amháin, áfach, fad a bhí an t-iniúchadh bliantúil á dhéanamh a bhain le soláthar clódóireachta a tháinig salach ar na treoirlínte maidir le soláthar agus chuathas i ngleic leis seo in 2019.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an CN chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CN ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den CN atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018, faoi mar a chuirtear i gcuntas i miontuairiscí an Bhoird an 28 Márta 2019 agus dheimhnigh siad a leordhóthanacht.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainiúnaíodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2018 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis.

Síniú thar ceann an bhoird



Maura McGrath
Cathaoirleach



Máire O'Connor
Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dar Dáta: An 20 Meitheamh 2019

TIARISC AN INIÚCHÓRA



AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

An Ceoláras Náisiúnta

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Cheolárais Náisiúnta an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2018 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Cllanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gCeoláras Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin. Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Béim na ceiste - cistiú iarchurtha sochair scoir

Tugaim nóta 23(b) de na ráitis airgeadais ar aird. Aithníonn an Ceoláras Náisiúnta sócmhainn maidir le cistiú iarchurtha sochair scoir - luach reatha an chistithe a bhfuil súil leis go gcuirfidh an Stát ar fáil amach anseo chun íoc as aon dliteanais sochair scoir faoi mar a bhíonn siad dlite. Baineann toimhde leis an gcóireáil chuntasaíochta seo go gcaithfear aon ioncam a ghineann an Ceoláras Náisiúnta sa chéad ásc i dtreo costais reatha agus go n-íocfaidh an cistiú Stáit as aon easnamh reatha nó amach anseo in acmhainní, dliteanais sochair scoir amach anseo ina measc. Ní dhéantar mo thuairim a mhionathrú maidir leis an gceist seo.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an Ceoláras Náisiúnta faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
An 24 Meitheamh 2019

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaos nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainiithníim agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh ghaolmhair.
- Bainim tatal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Cheolárais Náisiúnta a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tatal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an Ceoláras Náisiúnta deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithnímid ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má shainaithnímid aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

An Ráiteas ar ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018	2017
IONCAM		€	€
Deontas ón Státchiste	5	2,569,000	2,449,000
Ioncam ó Fhéinphromóisin		2,294,517	1,705,101
Amúchadh an Deontais Chaipitil	16	310,364	275,580
Glanchistiú larchurtha do Phinsin	23a	623,281	590,690
Ioncam Eile	6	3,152,905	3,051,403
Ioncam Iomlán		8,950,067	8,071,774
CAITEACHAS			
Costais Foirne	7	(3,027,264)	(2,886,357)
Costais Phinsin	23a	(718,000)	(692,000)
Costais Phromóisin	8	(3,808,394)	(2,936,753)
Costais Bhunaithe	9	(802,245)	(753,171)
Costais Riaracháin	10	(286,091)	(445,465)
Dímheas	12	(314,310)	(279,525)
Caiteachas Iomlán		(8,956,304)	(7,993,271)
BARRACHAS / (EASNAMH) ROIMH LEITHREASAÍ		(6,237)	78,503
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta		5,000	-
BARRACHAS / (EASNAMH) DON BHLIAIN I NDIAIDH LEITHREASAÍ	11	(1,237)	78,503

Baineann an tioncam agus an caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuairiscithe

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 28 Márta 2019 agus síníodh iad thar a cheann ag:-



Maura McGrath

Cathaoirleach an Bhoird



Máire O'Connor

Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dar Dáta: An 20 Meitheamh 2019

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Barrachas/(Easnamh) don tréimhse i ndiaidh leithreasáí		(1,237)	78,503
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	23c	(23,000)	271,000
Athrú ar thiomhdí faoi luach reatha na hoibleagáide sochair scoir		54,000	0
Coigeartú ar an tsócmhainn chistithe pinsin iarchurtha	23b	(31,000)	(271,000)
Barrachas/(Easnamh) lomlán Cuimsitheach don tréimhse		<u>(1,237)</u>	<u>78,503</u>

Baineann an tioncam agus an caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuairiscithe

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 28 Márta 2019 agus síníodh iad thar a cheann ag:-



Maura McGrath

Cathaoirleach an Bhoird



Máire O'Connor

Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Dar Dáta: An 20 Meitheamh 2019

Ráiteas ar an Seasamh Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2018 €	2017 €	2017 €
Sócmhainní Seasta					
Maoin, Gléasra agus Trealamh	12		825,251		864,920
Sócmhainní Reatha					
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	13	405,287		328,099	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		5,176,671		5,098,634	
		<u>5,581,958</u>		<u>5,426,733</u>	
Earraí Iníoctha: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	14	(4,593,770)		(4,476,977)	
Glansócmhainní Reatha			988,188		949,756
Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha			1,813,439		1,814,676
Sochair Scoir					
Oibleagáidí Sochair Scoir	23c	(10,988,032)		(10,395,701)	
Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir	23b	10,988,032		10,395,701	
			-		-
Glansócmhainní Iomlána Cúlchistí			1,813,439		1,814,676
Cúlchistí Tosaigh I agus E			1,516,567		1,438,064
Barrachas/(Easnamh) don Tréimhse			(1,237)		78,503
Cúlchistí Eile	15		298,109		298,109
Cúlchistí Iomlána			<u>1,813,439</u>		<u>1,814,676</u>

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus nótaí a ghabhann leis seo mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais an 28 Márta 2019 agus síníodh iad thar a cheann ag:-



Maura McGrath

Cathaoirleach an Bhoird



Máire O'Connor

Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca

Dar Dáta: An 20 Meitheamh 2019

Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sreafadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus aistrithe ar bhunú			
Barrachas / (Easnamh) Oibriúcháin		(1,237)	78,503
Ús a Fuarthas		(25,354)	(26,721)
(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		(5,000)	-
Dímheas		314,310	279,525
Amúchadh Deontais Chaipitil		(310,364)	(275,580)
Aistriú ó Chúlchiste an Orgáin		-	-
(Méadú) / Laghdú ar Infháltais		(77,188)	(44,132)
(Laghdú) / Méadú ar Shuimeanna Iníoctha		270,327	(39,905)
(Laghdú) / Méadú ar Chúlchistí Eile		-	(17,500)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>165,493</u>	<u>(45,810)</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil		274,641	464,599
Deontais Chaipitil a Fuarthas		(274,641)	(464,599)
Arna Réadú ó Shócmhainní Inláimhsithe a Dhíol		5,000	-
Ús a Fuarthas		25,354	26,721
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		<u>30,354</u>	<u>26,721</u>
(Laghdú) / méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		195,847	(19,089)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir 2018		<u>4,980,824</u>	<u>4,999,913</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig 2018		<u>5,176,671</u>	<u>4,980,824</u>

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an CN leo agus a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana:-

1.1 Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an CN don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'éisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

1.2 Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an Bord, le comhthoiliú an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aonán leasa pobail is ea an CN agus tá stádas cánach carthanúla aige.

1.3. Airgeadra

i Airgeadra Feidhmiúil agus Tuairiscithe

Déantar na míreanna a chuimsítear sna ráitis airgeadais a thomhas agus úsáid á baint as airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn an CN ("an t-airgeadra feidhmiúil"). Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é atá i gceist le hairgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an chomhlachta agus ainmnítear é leis an tsiombail "€".

ii Idirbhearta agus Iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as na ráta malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Ag deireadh gach tréimhse, aistrítear míreanna airgeadaíochta airgeadra eachtraigh agus an ráta reatha á úsáid.

1.4. Ioncam

Aithnítear ioncam sa mhéid go bhfuil an ceart ag an CN chun machnamh a dhéanamh mar chúiteamh ar a fheidhmíocht agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh ann.

Aithnítear ioncam ó sholáthar seirbhísí sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na seirbhísí a sholáthar agus is féidir toradh an chonartha a mheas go hiontaoifa.

1.5. Deontais ón Státchiste

Aithnítear deontais státchiste na gCoimisinéirí Ioncaim sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair atá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfaidh an CN na coinníollacha go léir atá i gceangal leis.

Tá gnéithe i) reatha agus ii) caipitil araon i gceist leis an deontas. Sonraítear an deontas reatha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus luaitear an deontas caipitil ag nóta 16. Cuirtear deontais chaipitil i bhfeidhm chun sócmhainní seasta a fháil. Déantar deontais chaipitil a amúchadh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais thar an tréimhse chéanna ina ndéantar na bunsócmhainní a dhímheas.

1.6. Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha.

Ríomhtar an muirear dímheasa chun luach leabhar gach Sócmhainne Seasta a dhíscríobh i rith a ghnáth-shaolré ionchais ar bhonn líne dhíreach ar na rátaí seo a leanas:-

Athrú a dhéanamh ar Áitreabh Léasach
Píborgán

Idir 10 agus 50 bliain
25 bliain

Pianó Steinway agus	
Gléasanna Ceoil Eile	5 bliana
Córas Sonraí Ríomhaire	5 bliana
Trealamh Oifige, Lónadóireachta agus	
Eile	5 bliana
Aimplitheoirí agus an Córas Callairí	5 bliana
Córas Gutháin	5 bliana
Consól Measctha	5 bliana

Lagú

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim sin lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní a suim inghnóthaithe.

Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach cóir is airde a bhíonn ar shócmhainn lúide na costais a bhíonn ar an tsócmhainn sin a dhíol agus an luach a bhíonn uirthi fad a bhíonn úsáid á baint aisti. Sainmhínítear ‘á úsáid’ mar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo a gheofar mar thoradh ar úsáid leanúnach a bhaint as na sócmhainní

Má mheastar go mbeidh suim inghnóthaithe na sócmhainne níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha anuas go dtí a suim inghnóthaithe.

Sa chás go n-aisiompáítear caillteanas lagaithe ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne aníos go dtí an meastachán leasaithe ar a suim inghnóthaithe a airde sin leis an tsuim ghlanluacha leasaithe, ach gan é sin a shárú, a dhearbhothaí (glan ar dhímheas) murar aithníodh aon lagú i dtréimhsí roimhe seo. Aithnítear aisiompú ar chaillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas.

1.7. Infháiltas

Is éard atá i gceist le hinfháiltas ná féichiúnaithe trádála agus eile. Aithnítear soláthar i dtaobh infháiltas nach ndéantar a aisghabháil nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an CN in ann na suimeanna go léir atá dlite a bhailiú. Is é suim an tsoláthair an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainní agus an luach in-aisghabhála measta.

1.8. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Is ionann airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus airgead tirim ar láimh, taiscí prapéillimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha eile ag a bhfuil bunaibíochtaí trí mhí nó níos lú acu. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh d’iasachtaí i ndlíteanais reatha ar an ráiteas ar an staid airgeadais.

1.9. Suimeanna Iníochta

Is éard atá i gceist le suimeanna iníochta creidiúnaithe trádála agus eile agus rangaítear iad mar dhlíteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar dhlíteanais neamhreatha.

1.10. Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid reatha dhlíthiúil nó chuiditheach ar an CN mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo: is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus nuair is féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais a mbíonn súil leis a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

1.11. Teagmhais

Aithnítear dliteanais theagmhasacha, a thagann chun solais mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe seo, sna cásanna seo a leanas: (a) ní dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní nó ní féidir an tsum a thomhas go hiontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (b) nuair a dheimhneofar an láithreach má tharlóidh nó mura dtarlóidh imeachtaí éiginnte amach anseo nach bhfuil smacht iomlán ag an eagraíocht orthu. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais murach go bhfuil an dóchúlacht ann go ndéanfar acmhainní a eis-sreabhadh an-bheag.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais ach nuair is dóchúil go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

1.12. Sochair Fostaí

Cuireann an CN réimse sochar ar fáil d'fhostaithe. Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamh-airgeadaíochta chosúla eile, mar chostas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Caithfear íoc as caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna ó acmhainní an Ceolárais mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirfead an caiteachas seo san áireamh agus an Deontas bliantúil á ríomh. Féach, le do thoil, Nóta 23 chun teacht ar bhreis faisnéise.

Bhunaigh an Ceoláras Náisiúnta a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthraítear trína dheontas bliantúil ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Oibríonn an Ceoláras Náisiúnta an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís poiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

1.13 An Cúlchiste Athfhorbartha Caipitil

Chinn an Ceoláras Náisiúnta cúlchiste athfhorbartha caipitil a bhunú agus is é an cuspóir atá leis ná costais athfhorbartha an Halla amach anseo a chistiú. Tá gach cinneadh maidir le húsáid an chúlchiste seo faoi réir cheadú an Bhoird. Féach, le do thoil, Nóta 17.

2. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann dífead do bheartais a chur i bhfeidhm agus na suimeanna a thugtar le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas. Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin agus bunaítear iad ar eispéiris stairiúla agus tosca eile, ionchais i leith imeachtaí amach anseo ina measc a chreidtear atá réasúnta faoi na cúinsí.

Déanann an CN meastacháin agus toimhdí a bhaineann leis an tréimhse amach anseo. B'fhéidir nach ionann na meastacháin chuntasaíochta a bhíonn mar thoradh orthu agus an toradh a bhaineann leo ar deireadh. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí ar baol mór dóibh bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna ghlanluacha sócmhainní agus dliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

a) *Saolré áisiúil gheilleagrach a bhunú ar mhaithe le cuspóirí dímheasa sócmhainní seasta*
Is éard atá i gceist le sócmhainní seasta sciar ábhartha de na sócmhainní iomlána. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaolré úsáideach eacnamaíoch gach cineáil sócmhainne agus ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Féadfaidh athruithe ar shaolré úsáideach sócmhainne tionchar suntasach a imirt ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse. Cuirtear sonraí san áireamh faoi shaolréanna measta úsáideacha geilleagracha sna beartais chuntasaíochta.

3. Rannpháirtíocht a Aistriú

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht reachtúil an 1 Feabhra 2016. Aistríodh gníomhaíochtaí an chomhlachta réamhtheachtaí (An Ceoláras Náisiúnta, The National Concert Hall Company Limited) chuig an Ceoláras Náisiúnta, the National Concert Hall agus b'ionann an luach a bhí ar na gníomhaíochtaí sin agus €1,570,230.

4. Ionstraimí Airgeadais

	2018	2017
	€	€
<i>Sócmhainní airgeadais arb ionstraimí fiachais iad a thomhaistear ar an gcostas</i>		
Féichiúnaithe trádála	37,765	81,590
Féichiúnaithe eile	367,522	246,509
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	5,176,671	5,098,634
 <i>Dlíteanais airgeadais a thomhaistear ar chostas</i>		
Creidiúnaithe trádála	337,648	358,680
Deontais chaipitil iarchurtha	744,289	780,012
Rótharraingt bainc	-	117,810
Réamháirithintí agus réamhéarlaisí	2,146,310	1,670,202

5. Deontais ón Státhiste

B'ionann deontais ón Státhiste a fuarthas ó fhotheideal A5 den Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta don tréimhse chuntasaíochta dar críoch 31 Nollaig 2018 agus €2,569,000 (2017 - €2,449,000). Ina theannta sin, ba é luach na ndeontas caipitil a fuarthas ó fhotheideal A5 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 €260,000 (2017 - €451,886).

6. Ioncam Eile

	2018	2017
	€	€
Saoráidí an Halla a Fhrúiliú	927,746	922,662
Cíos RTÉ	579,420	584,775
Coimisiúnú	533,287	534,719
Fáltais Urraíochta agus Ghaolmhara an Chláir Oideachais	419,488	385,148
Tabhartais ó Chairde/Chorparáidí/Dhaonchairdiúla	361,241	291,176
Cíos Lónadóireachta	177,062	177,673
Ioncam Ilghnéitheach	154,661	155,250
	3,152,905	3,051,403

7. Costais Foirne

Líon na bhfostaithe

Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana:

	2018	2017
	Líon	Líon
Tacaíocht le Ceolchoirmeacha	86	76
Riarachán	27	28
	113	104
 Costais fostaíochta		
	€	€
Pá agus tuarastail	2,665,726	2,624,551
ÁSPC (Fostóir)	361,538	261,806
	3,027,264	2,886,357

Níor íocadh aon ragobair leis an mbainistíocht. Ní íoctar liúntais leis an mbainistíocht ná leis an bhfoireann eile. Cuireann comhaltaí Boird a seirbhísí ar fáil ar bhonn pro-bono. Mar an príomhchinniteoir bainistíochta agus an bealach ina dtugtar faoi threoracha an Bhoird, tá pacáiste luach saothair an POF mionsonraithe ag Nóta 20. Tugtar mionsonraí ar na raonta tuarastail don POF agus do na gráid bhainistíochta araon ag Nóta 21. Ní dhearnadh aon socraíochtaí maidir le híocaíochtaí foirceanta seachas na gnáth-chnapshuimeanna a bhíonn iníoctha mar chuid den scéim aoisliúntais. Is éard atá sa Phríomhphearsanra Bbainistíochta an Bord agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ('an POF'). Ní íoctar aon tuarastail le comhaltaí Boird agus na POFanna.

Sonraítear an luach saothair ag Nóta 20. B'ionann an líon foirne coibhéise lánaimseartha agus 61 agus 62 do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus 2017, faoi seach.

8. Costais Phromóisin

	2018	2017
	€	€
Clár Oideachais	315,630	209,781
Costais Foghlaim agus Fiosraigh	179,711	207,685
Fógraíocht agus Promóisean	411,291	342,812
An Costas a bhí ar ár bPromóisin Féin	2,865,642	2,128,876
Táillí Bhainc agus Cárta Creidmheasa	36,120	47,599
	3,808,394	2,936,753

9. Costais Bhunaithe

	2018	2017
	€	€
Glantachán agus Sláinteachas	148,336	149,715
Solas agus Téamh	200,085	186,548
Árachas	19,684	18,553
Cíos agus Rátaí	12,148	13,412
Slándáil	43,436	45,025
Tiúnáil Pianó	28,494	31,296
Costais Ilghnéitheacha	79,834	86,566
Deisiúcháin agus Athnuachaintí	270,228	222,056
	802,245	753,171

10. Costais Riaracháin

	2018	2017
	€	€
Clódóireacht agus Páipéarachas	26,005	50,631
Táillí Gairmiúla	95,377	113,165
Postas	54,762	66,179
Guthán	50,402	50,467
Costais an Chathaoirligh/na Stiúrthóirí	2,343	1,425
Costais Oibríochtúla an Bhoird agus na gCoistí	4,063	4,143
Costais earcaíochta foirne agus gníomhaireachta	53,139	159,455
	286,091	445,465

11. Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin

	2018 €	2017 €
Luaitear Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin i ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh:		
Táillí Iniúchta	16,500	16,000
Dímheas sócmhainní seasta - faoi úinéireacht agus i ndiaidh an méid seo a leanas a chur do shochar:	314,310	279,525
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	5,000	-
Deontas ón Státchiste	2,569,000	2,449,000

12. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Iarmhéid Tosaigh €	Breisiúcháin €	Diúscairtí €	Iarmhéid Deiridh €
COSTAS				
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	895,872	5,813	-	901,685
Athruithe ar an Áitreabh Léasach	441,079	-	-	441,079
Píborgán	735,460	-	-	735,460
Córas Sonraí Ríomhaire	1,891,841	64,522	-	1,956,363
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,660,898	63,572	-	2,724,470
Pianó Steinway agus Gléasanna Ceoil Eile	594,158	1,047	-	595,205
Córas Gutháin	155,001	-	-	155,001
Consól Measctha	194,132	139,687	(55,978)	277,841
	<u>7,568,441</u>	<u>274,641</u>	<u>(55,978)</u>	<u>7,787,104</u>

	Iarmhéid Tosaigh €	Muirear €	Diúscairtí €	Iarmhéid Deiridh €
DÍMHEAS				
Aimplitheoirí agus Córas Callairí	831,533	21,232	-	852,765
Athruithe ar an Áitreabh Léasach	290,866	11,240	-	302,106
Píborgán	720,749	4,771	-	725,520
Córas Sonraí Ríomhaire	1,667,412	83,416	-	1,750,828
Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile	2,393,519	112,357	-	2,505,875
Pianó Steinway agus Gléasanna Ceoil Eile	471,547	44,819	-	516,367
Córas Gutháin	148,343	2,154	-	150,497
Consól Measctha	179,552	34,321	(55,978)	157,895
	<u>6,703,521</u>	<u>314,310</u>	<u>(55,978)</u>	<u>6,961,853</u>
	31.12.17			31.12.18
Glanluach Leabhar	864,920			825,251

Níl aon léas ann a ndearnadh léas foirmiúil de do na foirgnimh a áitíonn an Ceoláras Náisiúnta. Is féidir leis an gCeoláras Náisiúnta úsáid a bhaint as na foirgnimh ó Oifig na nOibreacha Poiblí ar chomaoin bhliantúil ainmniúil €100.

13. Féichiúnaithe

	2018	2017
	€	€
Féichiúnaithe trádála	37,765	81,590
Réamhíocaíochtaí	367,522	246,509
	405,287	328,099

14. Suimeanna Iníochta: Suimeanna atá Dlíte Laistigh de Bhliain Amháin

	2018	2017
	€	€
Creidiúnaithe trádála	337,648	358,680
ÍMAT/ÁSPC/MSU	95,122	86,609
CBL	13,055	9,847
Scéim Aoisliúntais na gCéilí agus na Leanaí	218,030	205,571
Scéim Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise	159,366	159,366
Fabhruithe	299,463	446,639
Ioncam Iarchurtha	580,487	642,241
Deontais Chaipitil Iarchurtha (Sonraítear i Nóta 16 na gluaiseachtaí i gcaitheamh na tréimhse)	744,289	780,012
Rótharraingt bainc	0	117,810
Réamháiritheantí agus Réamhéarlaisí	2,146,310	1,670,202
	4,593,770	4,476,977

15. Cúlchistí Eile

	2018	2017
	€	€
An Cúlchiste Oideachais agus For-Rochtana (Sonraítear i Nóta 18 an ghluaiseacht i gcaitheamh na tréimhse)	31,014	31,014
An Cúlchiste Athfhorbartha Caipitil (Sonraítear i Nóta 17 na gluaiseachtaí i gcaitheamh na tréimhse)	267,095	267,095
	298,109	298,109

Rinne Ann Sophie Mutter ceolchoirm a chur i láthair an 8 Márta 2007 agus tugadh na fáiltais uaidh mar thabhartas don Cheoláras Náisiúnta go n-úsáidfeadh an Ceoláras Náisiúnta iad dá Chlár Oideachais agus For-rochtana agus an clár sin amháin.

16. Gluaiseacht ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha

	2018	2017
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	780,012	590,993
Deontais Chaipitil Iarchurtha a scaoileadh leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(310,364)	(275,580)
Gluaiseachtaí Eile	14,641	12,713
Deontais Chaipitil a Fuarthas	260,000	451,886
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig 2018	744,289	780,012

17. An Cúlchiste Athfhorbartha Caipitil

	2018	2017
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	267,095	267,095
Tabhartais a Fuarthas	-	-
Caiteachas a Taibhíodh	-	-
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig 2018	<u><u>267,095</u></u>	<u><u>267,095</u></u>

18. Réiteach Gluaiseachtaí I gCúlchistí Eile

	Oideachas agus For-Rochtain	Iomlán
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	31,014	31,014
Scaoileadh an Chúlchiste	-	-
Tabhartais Chaipitil a Fuarthas	-	-
Iarmhéid Deiridh	<u><u>31,014</u></u>	<u><u>31,014</u></u>

19. Luachanna Saothair An Chathaoirligh 2018

	2018	2017
	€	€
Luachanna Saothair an Chathaoirligh	-	-

20. Tuarastal An Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

	2018	2017
	€	€
Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh	111,531	106,032

Áirítear le tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ("an POF") thuas ranníocaíocht 11% den olltuarastal ag an gCeoláras Náisiúnta lena scéim aoisliúntais phríobháideach.

Níor íocadh aon luach saothair breise leis an POF; íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht, sochair ná íocaíochtaí eile ina measc.

21. Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

	2018	2017
	€	€
Catagóir Thuarastail		
Idir €60,000 agus €69,999	1	1
Idir €70,000 agus €79,999	3	6
Idir €80,000 agus €89,999	3	-
Idir €90,000 agus €99,999	-	-
Idir €100,000 agus €109,999	-	1
Idir €110,000 agus €119,999	1	-
Idir €120,000 agus €129,999	-	-
Iomlán	8	8

Áirítear leis an tuarastail a liostaítear thuas tuarastal an POF (féach, le do thoil, Nóta 20) agus an leibhéal is sinsearaí den bhainistíocht.

Nóta: Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

22. Taisteal agus Cothabháil

Déantar caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil a chatagóiriú mar seo a leanas:-

	2018	2017
	€	€
Intíre		
Bord	436	1,425
Fostaithe	2,786	3,609
Idirnáisiúnta		
Bord	375	Náid
Fostaithe	6,697	5,483
Iomlán	10,294	10,517

23. Costais Sochair Scoir

(a) Is é an costas a bhíonn ar shochair scoir a fhónamh don tréimhse €718,000 (2017: €692,000). Is éard atá sa chostas seo costais seirbhíse reatha €513,000 a dtugtar cuntas air i mír (c) thíos, sa mhullach ar ús €205,000 ar dhliteanas na scéime sochair scoir. Áirítear leis an nglanchistiú iarchurtha do phinsin an cistiú €718,000 atá inghnóthaithe maidir le pinsin na bliana reatha lúide an deontas stáit €94,719 chun pinsin a íoc. Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don tréimhse a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

(b) Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir

Aithníonn an Ceoláras Náisiúnta na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas sochair scoir neamhchistithe iarchurtha ar bhonn roinnt imeachtaí. Áirítear leis na himeachtaí seo an bonn reachtúil maidir le bunú an Cheolárais Náisiúnta an 1 Feabhra 2016; aistriú na ndliteanas pinsin ó iar-Chuideachta an CN chuig an CN mar chomhlacht reachtúil; comhfhreagras ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta go dtuigtear go bhfuil dearbhú réasúnta ann ón Stát go gcisteoidh sé costais dhliteanais phinsin an CN amach anseo agus an beartas agus na cleachtais atá i bhfeidhm faoi láthair sa tseirbhís poiblí i ndáil le costais phinsin chomhlachtaí poiblí amach anseo a chistiú agus a chur i dtaifead.

(c) Gluaiseacht ar Oibleagáidí le Sochar Sainithe

	2018	2017
	€	€
Glanoibleagáid Sochair Scoir – an 1 Eanáir 2018	(10,395,751)	(10,076,011)
Costas lomlán Seirbhís Fostaí	(513,000)	(501,000)
Glanús ar Ghlandliteanas Sainithe	(205,000)	(191,000)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach i rith na tréimhse	31,000	271,000
Pinsin a Íocadh sa Bhliain	94,719	101,310
Glanoibleagáid Sochair Scoir an 31 Nollaig 2018	(10,988,032)	(10,395,701)

(d) Cur Síos Ginearálta ar Scéimeanna

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta ina sainítear sochair agus tagairt á déanamh do Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta 1987 agus do rialacháin reatha na scéime “samhla” eárnála poiblí.

Soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), cnapshuim ar scor (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí.

Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60 bliain.

Tagann méadú ar phinsin, faoi réir fhaomhadh an Aire, ar aon dul le méaduithe ábhartha ar phá atá infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag fónamh. Bíonn na méaduithe siúd pinsin éifeachtach ó na dátaí céanna a bhíonn na méaduithe ar phá éifeachtach.

Cé go leanann an scéim de bheith ag feidhmiú faoi théarmaí Scéim Aoisliúntais Foirne Náisiúnta 1987, níor bunaíodh a bunú go foirmiúil faoi reacht go fóill. Is socrú aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe é an scéim agus íoctar sochair ar bhonn íoc mar a thuillir ó chroíchistiú an CN.

De réir Alt 20 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 (“an tAcht”), rinneadh dliteanais den CN de dhliteanais pinsin Chuideachta an CN ó lá a bhunaithe, an 1 Feabhra 2016. Foráiltear san alt seo, chomh maith, go mbeidh sochair aoisliúntais a bhronntar ar, nó maidir le duine a aistríodh, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha siúd nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis nó léi ná na téarmaí agus na coinníollacha maidir le bronnadh na sochar sin faoin scéim aoisliúntais nó an socrú a bhaineann leis an duine sin díreach roimh an lá bunaithe.

Caithfear íoc as caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna ó acmhainní an CN mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirtear an caiteachas seo i gcuntas nuair a bhíonn deontas an chomhlachta á ríomh.

Bhunaigh an Ceoláras Náisiúnta a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthraítear trína dheontas bliantúil ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Oibríonn an Ceoláras Náisiúnta an Scéim Pinsin Seirbhísí Phoiblí Aonair (“Scéim Aonair”), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) agus b’ionann agus €16,871 agus €13,322 iad do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus 2017, faoi seach.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne. Coimeádann an Ceoláras Náisiúnta asbhaintí aoisliúntais maidir le Scéim Aoisliúntais na gCéilí agus na Leanaí agus aithnítear mar dhliteanas iad (féach, le do thoil, Nóta 14).

Áirítear figiúir na hoibleagáide sochair scoir a bhaineann leis an Scéim Aonair le figiúirí na n-oibleagáidí sochair scoir iomlána €10,988,032 (2017: €10,395,701) i Nóta 23 (c).

Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách agus riachtanais Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2018.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:-

	2018	2017
	€	€
Ráta Lascaine	1.90%	1.98%
Boilsciú Praghaís	1.80%	1.93%
Méaduithe Tuarastail	2.80%	2.93%
Méaduithe ar Phinsean Stáit	1.80%	1.93%
Méaduithe Pinsin Shílte	2.30%	2.43%

Ionchas Saoil

Cuireann an bonn mortlaíochta feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama san áireamh go soiléir, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar scor ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 65 bliain d’aois in 2018 agus 2038.

An bhliain a bhaintear Aois 65 amach	2018	2038
Ionchas saoil – fir (i mblianta)	21.40	23.80
Ionchas saoil – mná (i mblianta)	23.80	25.90

24. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 28 Márta 2019.



Joshua Bell agus The Academy of St. Martin in the Fields



Damien Dempsey



Punch Brothers